Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eolaíocht Talmhaíochta

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

## Pointí Ginearálta

- Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh.

- Ní foláir don scrúdaitheoir an scéim seo a leanúint go dlúth agus níl cead marcanna a thabhairt i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime.

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí sa scéim mharcála. Tá faisnéis agus smaointe sna pointí seo a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

- Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim
agus tá glacadh le freagraí bailí eile.

- Má chinneann scrúdaitheoir go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir ach nach bhfuil aon fhoráil sa scéim chun glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach i dtosach báire sula mbronntar marcanna. Go ginearálta, má bhíonn amhras ar bith ar scrúdaitheoir cibé an bhfuil freagra faoi leith ceart ba cheart dó dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.

- Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, (/), eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe ar leith. Is malairt focal nó nath arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.

- Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dúil nó comhdhúil. In ainneoin sin, i roinnt cásanna inarb é an t-ainm a iarrtar go sonrach, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin. Soiléireofar é seo laistigh den scéim.

**Freagraí ar Ceal**

- Má chuirtear ar ceal an t-aon fhreagra a thugtar, déan neamhaird den chealú agus marcáil mar is gnách.

- Má dhéantar freagra a chealú agus má thugtar an dara leagan ar an bhfreagra, ba cheart duit glacadh leis an gcealú agus marcanna a bhronnadh air, sa chás go dtuilltear amhlaidh, i gcomhair an leagain nár cealaíodh amháin.

- Má thugtar dhá leagan neamhchealaithe de fhreagra ar an gceist chéanna nó ar chuid de cheist, marcáil an dá leagan agus glac leis an bhfreagra a thuilleann an méid is airde marcanna. Ní féidir leat, áfach, pointí ón dá leagan a chur le chéile agus iomlán ceaptha a bhaint amach.

**Gnáthnósanna**

- Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra sa scéim mharcála anonn ón bhfreagra ar thaobh na láimhe deise.

- Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid e.g. **3(4).** Ciallaíonn seo go bhfuil trí chuid sa fhreagra, agus go dtugtar 4 mharc do gach cuid.

- Bronn marcanna aonaid ar leithligh, e.g. má ghabhann aonaid 3-mharc le freagra, scríobh: trí '3' ar leithligh, faoina chéile, sa chéad cholún san imeall ar thaobh na láimhe deise den fhreagarleabhar.

- Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist e.g. d'fhéadfadh trí pháirt a bheith ag baint le ceist – (i), (ii), (iii) – agus iomlán de 12 mharc tugtha don cheist. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: **6 + 3 + 3**. Ciallaíonn sin go mbronntar 6 mharc i leith an chéad fhreagra chirt a fhaightear agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina dhiaidh sin.

- Úsáidtear lúibíní cearnógacha agus/ nó *cló iodálach* nuair atá aird an scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.

- Ba cheart go scríobhfadh scrúdaitheoirí marc iomlán gach ceiste ag tús na ceiste, in aice uimhir na ceiste agus ciorcal a chur timpeall air.

- Ba cheart an t-iomlán carnach a scríobh i gcúinne íochtarach deas gach leathanaigh ar a mbíonn iomlán ceiste le sonrú.

- Ní mór an uile leathanach bán a mharcáil lena chur in iúl go ndearnadh iniúchadh orthu.

| C 1 | Freagair sé cinn ar bith | 6(10) |
|---|---|---|
| (a) | *Spriocbharr i dtonnaí in aghaidh an heicteáir*<br>(i) *Eorna:* 6 – 8<br>(ii) *Cruithneacht*: 7 – 9<br>(iii) *Coirce*: 5 – 7 | **4 + 1 + 5** |
| (b) | *Cén fáth a ndéantar foraoiseacha Éireannacha a phlandáil go dlúth:*<br>Fásann crainn ard nó díreach nó méadaíonn sé iomaíocht/<br>ní bhíonn an oiread craobhacha taoibh/ saor ó shnaidhmeanna/<br>ceadaíonn sé tanúchán/ coinnítear fiailí faoi smacht/<br>ceadaíonn sé do chrainn a bhfuil galar orthu nó a dteiptear orthu ***Trí cinn ar bith*** | **4 + 1 + 5** |
| (c) | (i) *Atáirgeadh fásúil:*<br>Plandaí a tháirgeadh ó phlandaí atá ann gan síolta a úsáid **nó** éighnéasach<br>(ii) *Samplaí den iomadú fásúil:*<br>Stólain/ reathairí/ bachlóga/ cormáin/ riosóim/ nódú/ gearrthóga/ srathú/ tiúbair/<br>bachlú/ micriomadú/ géaga nó plandóga ***Dhá cheann ar bith*** | **4 + 1 + 5** |
| (d) | *Tréithe de dhúrabhán:*<br>Éasca le saothrú nó éadrom/ draenáil mhaith/ coinníonn sé cothaithigh/<br>aerú maith/ níos teo/ coinníonn sé uisce ***Ceithre cinn ar bith*** | **4 + 1 + 1 + 4** |
| (e) | (i) *Zónóis:* Galar is féidir le daoine a tharchur ó ainmhithe<br>(ii) *Zónóisí a bhfuil baint acu leis an talmhaíocht:*<br>Salachar béil/ Eitinn/ brúsallóis/ borrphéist/ galar crúibe is béil/ antrasc/ fliú na n-éan/ fliú na muc/ BSE (CJD)/ confadh/ galar Lyme/ galar Weil nó leiptispioróis<br>***Dhá cheann ar bith*** [*Ná léigh ach an chéad dá mhír a thug an t-iarrthóir*] | **4 + 1 + 5** |
| (f) | (i) *Tástáil le haghaidh níotráití:* Défheiniolaimín nó iarann sulfáit + $H_2SO_4$<br>*Tástáil le haghaidh fosfáití:* Molabdáit amóiniam + $HNO_3$<br>(ii) *Dath dearfach do níotráití:*<br>Gorm le défheiniolaimín **nó** (ciorcal) donn le $FeSO_4$<br>*Dath dearfach do fosfáití:* Buí | **4 + 1 + 1 + 4** |
| (g) | *Feidhmeanna an ae:*<br>Táirgeann sé domlas/ stórálann sé glicigin nó rialaíonn sé an leibhéal glúcóis/<br>stórálann sé mianraí/ tiontaíonn sé aimínaigéid ina úiré (dí-aimíniú)/<br>briseann sé síos (sean) fuilchealla dearga/ rialaíonn sé teocht/<br>stórálann sé vitimíní sailltuaslagtha nó ainmnithe/ asamhlaíonn sé bia/ táirgeann sé plasmaphróitéin/ díthocsainiúchán ***Trí cinn ar bith*** | **4 + 1 + 5** |
| (h) | (i) *Srianadh bitheolaíoch:*<br>Smachtú lotnaidí ag creachadóirí nó seadáin nó oibreán ionfhabhtaíoch<br>(ii) *Sampla*:<br>Creimire nó ainmnithe ag cat nó madra nó seilide láibe ag géanna nó lachain **nó** cuil bhán ag foiche sheadánach nó fíneog damhán dearg **nó** aifid ag bóín Dé **nó** gobachán fíniúna ag néimeatóidí **nó** sampla ceart eile | **6**<br><br>**4** |
| (i) | (i) *Suíomh neafróin:* Duán<br>(ii) *Suíomh na faireoige aidréiní:* Os cionn nó ar bharr an duáin<br>(iii) *Suíomh an cheirbrim:* An inchinn | **4 + 1 + 5** |
| (j) | *An luach le tumadh agus doirteadh caorach:*<br>Paraisítí a rialú/ ionsaí cuileann a chosc nó rialú cruimheanna/<br>galar scrathach caorach a chosc nó fíneog chlaimhe a rialú/ táirgeacht níos airde/<br>rialú péisteanna nó sceartáin stéigeacha ***Trí cinn ar bith*** | **4 + 1 + 5** |

C 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | (i) *1. Strus taise:*<br>An leibhéal uisce i bplandaí níos ísle ná mar is gnáth **nó**<br>coimeádann fórsaí ribeacha uisce go teann san ithir **nó**<br>tá an ráta trasghalaithe ró-ard<br>*2. Pointe sleabhctha bhuain:*<br>An pointe nach féidir le plandaí uisce a bhaint as an ithir<br>(ii) *1. Acmhainn uisce infhála:*<br>An t-uisce is féidir a bhaint as an ithir **nó**<br>an t-uisce atá ar fáil idir toilleadh réimse agus pointe sleabhctha bhuain<br>*2. Ithir leis an toilleadh uisce infhála is mó:*<br>Dúrabhán nó dúrabhán gainmheach<br>*Cúiseanna:*<br>Ardtoilleadh réimse/ pointe sleabhctha bhuain meánach go híseal/<br>ní choimeádtar uisce chomh teann i bpóireanna ithreach **nó**<br>póireanna móra ***Dhá cheann ar bith*** | <br><br><br>**3**<br><br>**3**<br><br><br>**3**<br><br>**2**<br><br><br><br>**2(2)** | *(15)* |
| (b) | (i) *Cúiseanna le méadú aigéadacht na hithreach le himeacht ama:*<br>Báisteach **nó** báisteach aigéadach/ táirgeadh barr/ fual ainmhí/<br>láisteadh/ úsáid roinnt leasachán / aoiligh nó sciodar nó OM/<br>spíonlach giúise/ malartú caitian/ leathbhá ***Ceithre cinn ar bith***<br>(ii) *Mionsonraí i gcomhair freagra amháin ó (i)*<br>*Báisteach:* Tá báisteach cuíosach aigéadach/ mar gheall ar $CO_2$ tuaslagtha<br>*Báisteach aigéadach:* Truailliú nó mionsonraí de/<br>déanann sé an bháisteach níos aigéadaí ná gnáthbháisteach<br>*Táirgeacht barr:* Glacadh méadaithe barr de bhun-chaitiain / e.g. $Ca^{2+}$<br>*Fual ainmhí:* Tá fual aigéadach/ mar gheall go bhfuil aigéad úrach ann<br>*Láisteadh:* Sil-leagan caitiain alcaileacha nó ainmnithe/<br>amach ó shainchiseal A<br>*Roinnt leasachán:* A bheith ina chúis le malartú caitiain/<br>bun-chaitiain a bhaint/ comhpháirteanna aigéadacha i roinnt leasachán<br>*Malartú caitiain:* Nuair a ionadaítear roinnt bun-chaitiain/<br>le cinn a dhéanann aigéad<br>*Aoiligh:* Lobhadh ábhar orgánach/ comhpháirt aigéadach i sciodar<br>*Spíonlach giúise:* Tá spíonlach giúise aigéadach/<br>sceitheann an lobhadh aigéad<br>*Leathbhá:* Coinníollacha anaeróbacha/ táirgtear aigéid | <br><br><br>**4(3)**<br><br><br><br><br>**Dhá phointe ó aon chatagóir amháin**<br>**2(3)** | *(18)* |
| (c) | *Chun flocasúchán a thaispeáint:*<br>Toirteanna cothroma uisce i ngabhdáin oiriúnacha/ uisce dí-ianaithe/<br>toirteanna cothroma ithreach nó cré/<br>cuir aol nó flocasúchán ainmnithe le ceann/<br>croith an dá cheann don fhad céanna/ fág le seasamh/<br>toradh nó conclúid ***Cúig cinn ar bith*** | <br><br><br><br><br>**5(3)** | *(15)* |

C 3 Rogha a hAon

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | *(i) Pórtha a úsáidtear chun ba diúil crosphóraithe a tháirgeadh:*<br>Dhá phór ar bith ainmnithe (pór déiríochta amháin ar a mhéid)<br>***Dhá cheann ar bith***<br>(ii) *Buntáistí a bhaineann le crosphóraithe:*<br>Saintréithe mairteola/ níos mó bainne/<br>fuinneamh hibrideach nó ainmnithe ***Dhá cheann ar bith***<br>(iii) *Éifeachtúlacht atáirgthe:*<br>Líon laonna ag diúl/<br>in aghaidh céad bó chúpláilte (sa bhliain) **nó**<br>in aghaidh an ráta toirchis (sa bhliain) | <br><br>**2(2)**<br><br><br>**2(3)**<br><br><br><br>**2(3)** | <br><br><br><br><br><br><br><br><br>***(16)*** |
| (b) | (i) *Comparáid idir ráta fáis lao*<br>*Diúil (a thógtar go saorga):*<br>LWG 1.2 kg in aghaidh an lae (LWG 0.8 kg in aghaidh an lae) **nó**<br>níos airde (níos ísle)<br>(ii) *Bainistíocht innilte:*<br>Córas innilte ainmnithe/<br>***Trí phointe ar bith ón gcóras ainmnithe*, *as an liosta thíos:***<br>*Innilt banraí:*<br>21 banrach den mhéid chéanna/ banrach innilte ar feadh lá amháin/<br>stoc bogtha go dtí an chéad bhanrach eile/<br>leasachán scaipthe ar an mbanrach innilte/<br>tá trí seachtaine ag an mbanrach le hathshaothrú/ soláthar uisce buan/<br>bealach bóthair lárnach/ fálú buan/ itheadh an féar ar fad<br>*Stiallinnilt:*<br>Fál leictreach soghluaiste/ féar úr ar fáil gach lá/<br>fál cúil úsáidte le ligean don fhéar athshaothrú/ itheadh an féar ar fad/<br>soláthar uisce soghluaiste/ gníomhaíocht dhlúthshaothair<br>*Bloc-innilt:*<br>Beostoc sa pháirc chéanna ar feadh suas le seachtain/<br>bogtha go dtí an chéad pháirc eile/<br>fálú buan/ níl sé chomh táirgiúil le stiallinnilt nó innilt banraí/<br>fadhb le fiailí agus féar neamhbhlasta/ soláthar uisce buan/<br>páirc leasaithe nuair a bhogtar ainmhithe chuig an gcéad pháirc eile<br>*Stocáil socraithe:*<br>Tá rochtain shaor ag ainmhithe ar an gcuid is mó den fheirm/<br>deacair beostoc a bhainistiú/ fadhbanna le fiailí/ ní itear féar neamhbhlasta/<br>ní úsáidtear mórán leasacháin/ soláthar uisce buan<br>*Innilt nialais:*<br>Ainmhithe taobh istigh nó coinnithe sa chlós/ gearrtar an féar agus tugtar chuig na hainmhithe é/ níl an talamh pasáilte<br>*Innilt ceannaire-leantóra:*<br>Itheann ainmhithe níos óige roimh ainmhithe níos sine/<br>is iondúil go n-itheann ainmhithe óga an féar óg úr/<br>itheann ainmhithe níos sine an féar níos láidre/ úsáid éifeachtúil as an bhféar/<br>ní bhíonn an oiread péisteanna boilg in ainmhithe óga | <br><br><br>**2(2)**<br><br>**3**<br>**3(3)** | |

| | | |
|---|---|---|
| (b) ar lean | *Innilt thar fál:*<br>Geataí bacphoill nó fál ardaithe/rochtain ag ainmhithe óga nó níos lú ar fhéar úr/ rochtain ag ainmhithe óga ar dhlúthbhianna/<br>is féidir le laonna filleadh chun diúl ar a máthair/<br>fanann ainmhithe níos sine sa pháirc chun féar níos láidre a ithe<br>*Innilt mheasctha:*<br>Dhá speiceas beostoic éagsúla ag innilt ar an bpáirc chéanna (caoirigh agus eallach)/ méadaíonn sé táirgiúlacht/ spreagann caoirigh athghasadh féir/ itheann caoirigh an buachalán buí/ itheann caoirigh féar in aice le bualtrach nach n-itheann eallach/ ní bhíonn an oiread tom féir ann | ***(16)*** |
| (c) | *Comparáid idir córais táirgthe mairteola*<br>*Táirgeadh tarbhfheola:*<br>LWG ard/ 1.4 − 1.6 kg sa lá/ níos trua **nó** % feola an mhairt níos airde/ istigh nó fálaithe/ ionsaitheach/ aois 15 − 24 mí/ níos mó dlúthbhianna<br>***Ceithre cinn ar bith***<br>*Táirgeadh bodóige:*<br>LWG níos ísle/ 0.8 − 1.0 kg sa lá/ níos raimhre **nó** % feola an mhairt níos ísle/ taobh amuigh/ socair/ 19 – 24 mí/ níos lú dlúthbhianna<br>***Ceithre cinn ar bith*** | **3 + 1 + 1 + 3**<br><br>**3 + 1 + 1 + 3**<br>***(16)*** |

**NÓ**

C 3 Rogha a Dó ar leathnach 5

**NÓ**

C 3 Rogha a Dó

| | | |
|---|---|---|
| (a) | (i) *Cothromóid na fótaisintéise:* $6CO_2 + 6H_2O \longrightarrow C_6H_{12}O_6 + 6O_2$<br>(ii) *An chaoi a bhfuil struchtúr duille in oiriúint do fhótaisintéis:*<br>Tanaí mar sin idirleathadh níos tapúla/<br>limistéar dromchla leathan nó mór chun solas a ghabháil/<br>clóraifill nó clóraplastaí in aice le dromchla bairr a mhéadaíonn fótaisintéis/ iompar (éifeachtúil) i mbearta soithíocha/<br>caomhnaíonn an cúitineach uisce/ malartú gáis trí stómaí/<br>níl spásanna aeir ná cealla pacáilte chomh teann, ceadaíonn sé idirleathadh ***Ceithre cinn ar bith*** | **4, 0**<br><br><br><br>**5 + 1 + 1 + 5**<br>***(16)*** |
| (b) | *An chaoi a mbíonn tionchar ag fótaisintéis agus gníomhaíocht miocrorgánaigh ar luach beathaithe*<br>*Fótaisintéis:*<br>Carbaihiodráit nó siúcra ard/ gearradh i lár an lae nó san iarnóin/<br>i gcomhair sadhlas ardchaighdeáin<br>*Miocrorgánaigh:*<br>(Speiceas) Lachtbhachaillín **nó** coipeadh **nó** riospráid anaeróbach/<br>tiontaíonn siúcra ina aigéad lachtach/ caomhnaíonn aigéid (lag) féar/<br>pH ceart luaite/ táirgeann coipeadh trí chlóistridiam sadhlas de dhroch-chaighdeán **nó** riospráid aeróbach ina chúis le lobhadh<br>***Ceithre cinn ar bith: aon phointe amháin ar a laghad as gach catagóir*** | **4(4)** ***(16)*** |
| (c) | *Tionchair dhearfacha miocrorgánach:*<br>Mianrú nó lobhadh ábhar orgánach/ fosú nítrigine/ nítriginiú/<br>díleá cogansaí nó putóige cúil/ sintéisiú vitimín/ tionchar míciríosa/<br>próitéin miocróbach/ vacsaíní nó biteicneolaíocht ***Dhá cheann ar bith***<br>*Tionchair dhiúltacha miocrorgánach:*<br>Galair ainmhithe nó ainmnithe/ galair phlandaí nó ainmnithe/ dínítriú/<br>lotamas bia nó sampla/ táirgeadh gáis thocsaineacha in umair sciodair<br>***Dhá cheann ar bith*** | **2(4)**<br><br><br>**2(4)** ***(16)*** |

| C 4 | Dhá cheann de (a), (b), (c) le freagairt | 2(24) |
|---|---|---|
| (a) | *Tionchar ag uireasa mianraí ar fhás bairr:*<br>Dhá fhleascán steiriúla/ uisce dí-ianaithe/ síológa sa dá cheann/ táibléad cothaithigh i gceann amháin/ cur síos ar rialáil/ aeraigh an dá cheann/ fág ar feadh coicíse ar a laghad/ sonra comparáide/ toradh ceart ***Sé cinn ar bith***<br>**NÓ**<br>Ithir thorthúil/ ithir easpach i mianraí/ cuir líon cothrom plandaí i ngach ceann/ coinníollacha cosúla nó ainmnithe/ fásta ar feadh an tréimhse chéanna/ bain nó féach/ sonra comparáide/ toradh ceart ***Sé cinn ar bith*** | **6(4)** |
| (b) | *Céatadán an uisce agus na solad i mbainne:*<br>Mais gabhdán glan/ cuir sampla bainne leis/ aimsigh mais an bhainne/ triomaigh in oigheann nó ar teophláta/ chuig 100 °C/ meáigh arís/ chuig mais thairiseach/ caillteanas maise = mais an uisce nó mais atá fágtha = mais na solad/ % ríofa don uisce agus na solaid ***Sé cinn ar bith*** | **6(4)** |
| (c) | *Láithreacht miocrorgánach i bhfréamhacha i bplanda seimre:*<br>Déan mapaireacht ar an mbinse le dífhabhtán nó oibrigh gar do Bunsen lasta/ dhá phláta agar steiriúla/ ceann nach bhfuil oscailte/ glan ithir de na fréamhacha/ cuir sa tuaslagán dífhabhtáin éadrom/ brúigh nóidíní/ stríocaigh an pláta agar/ le lúb ionaclaithe/ fág ag gor ar feadh 5 lá ar a laghad/ 20-30°C nó teocht an tseomra/ coilíneachtaí ***Sé cinn ar bith*** | **6(4)** |
| (d) | *Díleáiteacht sadhlais:*<br>Mais sampla/ scar ina chomhpháirteanna duilleoige agus gais/ mais gach comhpháirt/ ríomh an cóimheas idir maiseanna an ghais agus na nduilleog/ cuir in iúl mar chodán nó mar chéatadán den mhais iomlán/ dá mhéad mais na duilleoige, is fearr an díleáiteacht/ déan arís ***Sé cinn ar bith*** | **6(4)** |

C 5

| | | |
|---|---|---|
| (a) | *Saothrú prátaí*<br>(i) *Ullmhú na hithreach*:<br>Bain clocha/ treabh go domhain nó > 20 cm doimhneacht/<br>rótachart nó bráca/ druileanna nó iomairí ***Trí cinn ar bith***<br>(ii) *Cur:*<br>Péacadh/ plandóir prátaí/ 10 cm domhain/<br>druileanna 70 – 80 cm óna chéile/ síolta 25 – 35 cm óna chéile/<br>méid an tsíl 35 – 55 mm/ 40,000 − 60,00 in aghaidh an ha/<br>an mhí cheart plandála don chatagóir práta ***Trí cinn ar bith***<br>(iii) *Srianadh fiailí:*<br>Luibhicíd (teagmhála nó iarmharach)/ lánú/ scáthú/<br>modh láimhe nó grafadh ***Trí cinn ar bith***<br>(vi) *Baint:*<br>An t-am ceart den bhliain maidir leis an gcatagóir/<br>gais a spraeáil roimhe ré/<br>fág ar feadh 2-3 seachtaine (le ligean do na craicne éirí crua)/<br>bainteoir ardaithe/ titim ghearr chun damáiste tiúbair a sheachaint/<br>de láimh ***Trí cinn ar bith*** | **1 + 1 + 2**<br><br>**1 + 1 + 2**<br><br>**1 + 1 + 2**<br><br>**1 + 1 + 2** ***(16)*** |
| (b) | (i) *Bairr bhreise:*<br>Cál/ raidis/ ruán/ seamair dhearg/ seamair Éigipteach/ ráib fodair/<br>coirce dubha/ faicéilia/ mustard/ seagal/ earrdheargán/ IRG/ peasair/<br>piseanna/ pónairí/ tornapa coinligh ***Dhá cheann ar bith***<br>(ii) *Uainíocht le bairr bhreise:*<br>Barr ainmnithe/ barr breise ainmnithe/<br>barr an chéad gheimhreadh eile nó an earrach, ainmnithe<br>(iii) *Buntáistí le barr breise seachas fodar:*<br>Clúdach talún/ gabhann sé cothaithigh ithreach/<br>feabhsaíonn sé leibhéil ábhar orgánach na hithreach/<br>coinníonn sé síos fiailí/ laghdaíonn sé láisteadh níotráite/<br>níl an oiread gá le tithíocht sa gheimhreadh/ toradh ard/<br>coisceann sé ithirchreimeadh nó cothaíonn sé struchtúr na hithreach/<br>roinnt próitéin garbh ann/ méadaíonn sé bithéagsúlacht/<br>soláthraíonn sé briseadh idir féar agus gránaigh nó rothlú barr<br>***Ceithre cinn ar bith*** | **2(2)**<br><br>**6, 0**<br><br>**2(2) + 2(1)** ***(16)*** |

| | | |
|---|---|---|
| C 5 ar lean (c) | (i) *Cásanna chun fiailnimheanna leathanspeictrim a úsáid:*<br>Roimh athshíolrú/ roimh ghránaigh a bhaint/ cosáin nó bóithre feirme/ chun speicis ionchasacha a rialú/ chun ceapach síl a ullmhú<br>***Dhá cheann ar bith***<br>(ii) *Réamhchúraimí agus spraeanna ceimiceacha á n-úsáid:*<br>Oibrí cáilithe/ masc aghaidhe nó gloiní cosanta/ análaitheoir/ lámhainní/ forchóta/ ná cuir amach é ar laethanta gaofara/<br>nigh lámha tar éis iad a úsáid/<br>ná cuir amach in aice le huiscebhealaí ná fálta sceach/<br>diúscairt sábháilte gabhdán nó gabhdán a ní/<br>ná cuir ar bhairr gar d'am bainte/ cuir amach ag an ráta ceart/ am ceart/<br>seachain beostoc ***Ceithre cinn ar bith***<br>*Cúis leis na réamhchúraimí:*<br>Ionas na n-ionanálaítear an ceimiceán/<br>chun teagmháil leis an gcraiceann a sheachaint/<br>ionas nach ngabhfaidh sé isteach sa bhiashlabhra/<br>chun truailliú a sheachaint nó ionas nach maraítear speicis nach bhfuiltear ag díriú orthu ***Ceithre cinn ag meaitseáil*** | **1 + 3**<br><br>**4(2)**<br><br>**4(1)** ***(16)*** |

C 6

<table>
<tr><td>(a)</td><td colspan="3">(i) Cúiseanna le balcadh ithreach:<br>Innealra/ beostoc/ róshaothrú/ talamh crua Dhá cheann ar bith</td><td>2(2)</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3">(ii) Tionchar a bhíonn ag balcadh ithreach:<br>Drochaerú/ drochthreá fréimhe/ fás srianta/ drochdhraenáil/<br>ithirchreimeadh nó rith chun sceatha/ damáiste do struchtúr na hithreach<br>Dhá cheann ar bith</td><td>2(4)</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3">(iii) Leigheas ar bhalcadh ithreach:<br>Saothrú nó sampla den saothrú nó treabhadh fo-ithreach nó aerú</td><td>3 (15)</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td colspan="3">(i) Buntáistí le seamair:<br>Fosú nítrigine/ clúdach talún/ srianadh fiailí/ blasta/ go leor próitéine/<br>go leor mianraí/ toradh ard/<br>oiriúnach don fheirmeoireacht orgánach nó níos lú N Trí cinn ar bith</td><td>3(3)</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3">(ii) Cén fáth seamair difriúla i meascáin síolta difriúla<br>Seamair bhán:<br>Sínte/ fosúchán nítrigine/ dianseasmhach/ spreagann féarach fás stólan/<br>ionsaitheach nó srianadh fiailí Dhá cheann ar bith</td><td>2(3)</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3">Seamair dhearg:<br>Ingearach nó ard/ fosúchán nítrigine/ seasmhach in aghaidh triomaigh/<br>socfhréamh níos doimhne/ toradh ard/<br>déanann iomaíocht níos fearr le plandaí arda Dhá cheann ar bith</td><td>2(3) (21)</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td colspan="3">Comparáid a dhéanamh idir sciodar agus aoileach</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>Sciodar</td><td>Aoileach</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>(i) Comhdhéanamh:</td><td>Leacht nó<br>Fual + faecas nó<br>Ní tuí nó<br>N ard</td><td>Solad nó<br>Fual + faecas + tuí (easair) nó<br><br>N íseal</td><td>4(2) + 4(1)</td></tr>
<tr><td></td><td>(iii) Ábhar orgánach:</td><td>Níos lú OM</td><td>Níos mó OM</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>(iii) Stóráil:</td><td>Stóráilte in umair</td><td>Stóráilte go hoscailte nó<br>log aoiligh</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td>(iv) Modh leata:</td><td>Tancaer sciodair nó<br>píobán sraoilleach</td><td>Leatóir aoiligh nó forc</td><td>(12)</td></tr>
</table>

C 7

<table>
<tr><td>(a)</td><td>(i) Tréad ginealaigh: Na hainmhithe ar fad tagtha ó líne íonsíolraithe<br>(ii) Ailléil chúlaitheach:<br>Ní chuirtear in iúl é nuair atá sé le hailléil cheannasach nó<br>ní chuirtear in iúl é ach nuair atá sé le hailléil chúlaitheach eile<br>(iii) Seirbheáil nádúrtha:<br>An t-ainmhí fireann sa tréad a úsáid le cúpláil leis na hainmhithe baineanna nó iad a thoirchiú<br>(iv) Saorshórtáil:<br>Nuair is féidir le ceachtar ball de phéire ailléilí teacht le chéile le ceachtar ball de phéire eile</td><td>4<br><br><br>4<br><br><br>4<br><br><br>4 (16)</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Géinitíopa tuismitheora: WwFf<br>Géinitíopaí gaiméite, trasna:<br>Géinitíopaí gaiméite, anuas:
<table>
<tr><th>Gaiméití</th><th>WF</th><th>Wf</th><th>wF</th><th>wf</th></tr>
<tr><td>WF</td><td>WWFF</td><td>WWFF</td><td>WwFF</td><td>WwFf</td></tr>
<tr><td>Wf</td><td>WWFF</td><td>WWff</td><td>WwFf</td><td>Wwff</td></tr>
<tr><td>wF</td><td>WwFF</td><td>WwFf</td><td>wwFF</td><td>wwFf</td></tr>
<tr><td>wf</td><td>WwFf</td><td>Wwff</td><td>wwFf</td><td>wwff</td></tr>
</table>
Feinitíopaí sleachta agus cóimheasa: Bán, réidh: 9<br>Bán, cruinn: 3<br>Buí, réidh: 3<br>Buí, cruinn: 1</td><td>2<br>2, 0<br>2, 0<br><br>Géinitíopaí sleachta<br>6, 0<br><br>Feinitíopaí<br>2, 0<br>Cóimheasa meaitseála<br>2, 0 (16)</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>(i) Cén chúis a n-úsáidtear cuileanna torthaí:<br>Líon mór sleachta/ achar gearr atáirgthe/<br>saintréithe is féidir a aithint go héasca/ éasca le coinneáil nó saor/<br>líon beag crómasóm/ crómasóim níos mó/<br>saintréithe colainne fireanna agus baineanna ar leith/<br>saintréithe gnéasnasctha sofheicthe/ sócháin a bhfuil cur síos maith orthu<br>Ceithre cinn ar bith<br>(ii) Céatadán uanbhreithe:<br>180% nó ráta uanbhreithe 1.8 uain in aghaidh na caorach nó nóta tráchta bailí ar tháirgeadh caorach eachréidhe<br>Líon na n-uan fireannach agus baineannach:<br>Táirgeann na fireannaigh gaiméití X nó Y/<br>táirgeann baineannaigh gaiméití X amháin</td><td>4(2)<br><br>4<br><br>2(2) (16)</td></tr>
</table>

| C 8 | Dhá cheann de (a), (b), (c) le freagairt | 2(24) |
|---|---|---|
| (a) | *Saolré puchán ae*<br>*Ní mór iad seo a leanas a thaispeáint sa líníocht:*<br>Sé chéim ar bith sa seicheamh timthriallach ceart, tugtha le fios nó tarraingthe<br>*Lipéid nó cur síos:*<br>Puchán lánfhásta i gcaoirigh nó i mbó nó san óstach príomhúil/ uibheacha amach leis an faecas/ tagann miricidiam as na huibheacha/ uisce nó coinníollacha aigéadacha nó 10 ˚C/ miricidiam isteach sa seilide fionnuisce nó isteach san óstach tánaisteach/ pointe ama (24 uair an chloig)/ forbraíonn spóraicist sa seilide/ forbraíonn reidigh ó spóraicist/ forbraíonn cearcáirígh ó reidigh/ téann cearcáirígh amach ón seilide ar an bhféar/ cistíonn cearcáirígh/ itheann an t-óstach príomhúil iad ***Sé cinn ar bith*** | **6, 3, 0**<br><br>**6(3)** ***(24)*** |
| (b) | (i) *Léaráid de thrasghearradh gais dhéchotaileáadónaigh*<br>*Ní mór iad seo a leanas a thaispeáint sa líníocht:*<br>Dromchla ciorclach amuigh/ fáinne de chruthanna ubhchruthacha (bearta)/ beart amháin ar a laghad taispeánta roinnte ina réigiún inmheánach agus réigiún seachtrach le stiall lárnach<br>*Lipéid:* Eipideirm nó fíochán deirmeach/ beart(a) soithíoch(a)/ xiléim/ fléam/ caimbiam/ coirtéis nó laíon nó bonnfhíochán<br>*Difríochtaí idir trasghearradh gas monacotaileáadónach agus déchotaileáadónach:*<br>*Trasghearradh de ghas monacotaileáadónach:*<br>Bearta soithíocha scaipthe/ níl caimbiam nó níl tiúchan tánaisteach nó níl fáinní bliantúla<br>*Trasghearradh de ghas déchotaileáadónach:*<br>Na bearta soithíocha i gcruth fáinne/ caimbiam i láthair nó tarlaíonn tiúchan tánaisteach nó fáinní bliantúla | **6, 3, 0**<br>**6(1)**<br><br>**2(3)**<br><br>**2(3)** ***(24)*** |
| (c) | *Déan idirdhealú idir na baill in aon trí cinn de na péirí ag (i), (ii), (iii), (iv)*<br><br>(i) *Omasam:* An tríú goile athchogantach nó goile leabhair nó goile duilleach nó ionsúnn sé uisce<br>*Abomasam:* An ceathrú goile athchogantach nó fíor-ghoile nó críochnaíonn sé díleá<br>(ii) *Úiréadar:* Ceanglaíonn sé an duán leis an lamhnán nó iompraíonn sé fual chuig an lamhnán<br>*Úiréadra:* Iompraíonn sé fual amach as an gcolainn nó ón lamhnán<br>(iii) *Leasú roinnte:* Cuirtear an leasú amach i níos mó ná iarraidh amháin<br>*Barrleasú:* Leasachán scaipthe thar bharr atá ag fás nó thar thalamh lom<br>(iv) *Cuid chothaithe:* An méid beatha a theastaíonn chun meáchan an choirp a chothabháil nó chun sláinte a chothabháil<br>*Cuid táirgeachta:* An méid cothaitheach a theastaíonn chun bainne a tháirgeadh nó feoil nó olann nó uibheacha | **3(4 + 4)**<br><br>***(24)*** |

| C 9 | Ceithre cinn díobh seo (a), (b), (c) le freagairt | 4(12) |
|---|---|---|
| (a) | *Athrú ar indíleáiteacht féir:*<br>Carbaihiodráit intuaslagtha nó siúcra (agus próitéin) an chuid is mó a mbíonn i láthair roimh an ceann síolta/ beagnach indíleáite ar fad/<br>tar éis an ceann síolta bíonn níos mó snáithín nó ceallalós/<br>níl sé chomh hindíleáite/<br>titim ó 80% go 50% nó titim de 0.5% in aghaidh an lae/<br>níos lú glúcóis ag deireadh an tséasúir ***Trí cinn ar bith*** | **3(4)** ***(12)*** |
| (b) | *Dealú na mbó is sine ón tréad déiríochta:*<br>Tál bainne ag laghdú/ torthúlacht ag laghdú/ bacaíl nó gortú/<br>deacrachtaí lao a bhreith/<br>comhaireamh cille ag ardú nó laghdú i gcaighdeán bainne/<br>claonadh níos mó do ghalar/ feabhsúchán géiniteach an tréada ***Trí cinn ar bith*** | **3(4)** ***(12)*** |
| (c) | *Ráta íseal bunaithe síológ le linn earrach an-fhliuch:*<br>Teocht na hithreach ró-íseal/ leathbhá/ easpa ocsaigine/ teocht aeir íseal/<br>fás síolóige níos moille/ péacadh curtha siar/ galair fhungasacha/<br>ionsaí lotnaidí ***Trí cinn ar bith*** | **3(4)** ***(12)*** |
| (d) | *Caomhnú fálta sceach:*<br>Foscadh do bheostoc nó bairr nó foirgnimh **nó** ithir the/<br>conair nó gnáthóg dúlra/ bithéagsúlacht/ aeistéitiúil/ deighilt talún/<br>scéimeanna comhshaoil/ bithshlándáil ***Trí cinn ar bith*** | **3(4)** ***(12)*** |
| (e) | *Beathú caorach baineann:*<br>Na caoirigh bhaineanna ag feabhsú/ níos mó uibheacha/<br>ráta coimpeartha níos fearr/ reithíocht rialta/ rátaí ionchlannaithe níos airde/<br>breith uan le chéile/ seans níos mó go mbeidh breitheanna iolracha ann<br>***Trí cinn ar bith*** | **3(4)** ***(12)*** |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán